www.xtrapapers.com

Sonraíocht Nua

Rewarding Learning

General Certificate of Secondary Education
2016

# Stair

Aonad 1: Grinnstaidéar
Ardsraith

*GHT12*

## [GHT12]
## DÉ LUAIN 6 MEITHEAMH, MAIDIN

**AM**

2 uair an chloig.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra ar an Leabhrán Freagraí atá leis seo.
Freagair **dhá** cheist Bhuncheiste ón ábhar roghnaithe agat i Roinn A agus **gach** ceist ón ábhar roghnaithe agat i Roinn B.

Thig leat tuilleadh leathán a iarraidh le do fhreagraí a chríochnú, má tá siad de dhíth ort. Ceangail na leatháin seo den leabhrán agat leis an scorán comhaid atá ar fáil, le do thoil.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 105 an marc iomlán don pháipéar seo.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gcodanna **(b)** agus **(c)** de gach ceist i Roinn A agus i gcodanna **(a)** **(iii)**, **(b)** agus **(c)** de gach ceist i Roinn B.

Measúnófar litriú, poncaíocht agus úsáid chruinn gramadaí i gceist **11(c)** i Roinn B.

Léiríonn figiúirí idir lúibíní atá priontáilte ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

www.xtrapapers.com

LEATHANACH BÁN

www.xtrapapers.com

## Roinn A

Freagair **dhá** cheist ón **ábhar roghnaithe agat**


| **ROGHANNA** | | **Leathanaigh** |
|---|---|---|
| **Rogha 1:** | An Ghearmáin, 1918–1939 | 4–5 |


## Roinn B

Freagair **gach** ceist ón **ábhar roghnaithe agat**


| | | |
|---|---|---|
| **Rogha 5:** | Caidreamh ag Athrú:<br>An Bhreatain, Tuaisceart Éireann agus Poblacht na hÉireann, 1965–1985 | 6–7 |

www.xtrapapers.com

## Roinn A

## Rogha 1: An Ghearmáin, 1918–1939

Freagair **dhá** cheist Bhuncheiste ar bith
Ba chóir duit gach cuid den cheist a fhreagairt

**1 Baineann an cheist seo le Buncheist 1: Iarmhairtí an Chéad Chogaidh Dhomhanda agus Poblacht Weimar.**

**(a)** Cuir síos ar **dhá** iarmhairt den Spealadh Mhór in 1929 ar shaol mhuintir na Gearmáine. [4]

**(b)** Cad é mar a d'athraigh teaictící agus gníomhartha na Naitsithe idir 1923 agus 1928? [6]

**(c)** Mínigh an dóigh ar tharla fadhbanna eacnamaíocha agus sóisialta sa Ghearmáin in 1923 agus cad chuige ar thosaigh téarnamh ann faoi dheireadh na bliana 1924? Sa fhreagra agat, déan tagairt do na treoirlínte agus bain úsáid as eolas ábhartha eile.

- Ionradh ar an Ruhr agus hipearbhoilsciú
- Gníomhartha Gustav Stresemann. [15]

**2 Baineann an cheist seo le Buncheist 2: Gearmáin na Naitsithe, 1933–1939.**

**(a)** Cuir síos ar **dhá** dhóigh a ndearna na Naitsithe iarracht na heaglaisí sa Ghearmáin a rialú idir 1933 agus 1939. [4]

**(b)** Cad iad na dóigheanna ar dhaingnigh na Naitsithe an chumhacht acu sa Ghearmáin in 1933 agus 1934? [6]

**(c)** Mínigh an dóigh ar athraigh geilleagar na Gearmáine agus saol na n-oibrithe idir 1933 agus 1939. Sa fhreagra agat, déan tagairt do na treoirlínte agus bain úsáid as eolas ábhartha eile.

- Polasaithe le dífhostaíocht a laghdú
- Gníomhartha a chuaigh i bhfeidhm ar shaol na n-oibrithe. [15]

www.xtrapapers.com

**3 Baineann an cheist seo le Buncheist 3: Polasaithe agus Gníomhartha na Naitsithe san Eoraip, 1933–1939.**

**(a)** Cuir síos ar **dhá** chomhaontú a rinne an Ghearmáin le tíortha eile idir 1933 agus 1937. [4]

**(b)** Cad é mar a bhí na Naitsithe ábalta smacht a fháil ar an Ostair faoin bhliain 1938? [6]

**(c)** Mínigh cad chuige agus cén dóigh ar mhéadaigh na Naitsithe an smacht acu san Eoraip in 1938 agus 1939.
Sa fhreagra agat, déan tagairt do na treoirlínte agus bain úsáid as eolas ábhartha eile.

- an Sudetenland agus an tSeicslóvaic
- an Pholainn. [15]

www.xtrapapers.com

## Roinn B

## Rogha 5: Caidreamh ag Athrú: An Bhreatain, Tuaisceart Éireann agus Poblacht na hÉireann, 1965–1985

Freagair **gach** ceist

**11 Foinse A: Grianghraf de shraith tithe ar Shráid Bombay, Béal Feirste, Lúnasa 1969.**

Photograph removed due to copyright restrictions

(a) (i) **Déan staidéar ar Fhoinse A**
**Foinse A** agus **do chuid eolais féin** in úsáid agat, cuir síos ar an dóigh ar mhéadaigh foréigean i dTuaisceart Éireann i samhradh na bliana 1969. [6]

**Foinse B: Tuairim staraí nua-aimseartha ar cad chuige ar chuir roinnt aontachtaithe agus roinnt náisiúnaithe i gcoinne Terence O'Neill agus a chuid polasaithe sna 1960í.**

> Ní raibh gach duine i bhfách le O'Neill agus a chuid polasaithe. Shíl go leor sa Pháirtí Aontachtach Oifigiúil go raibh sé ag géilleadh barraíocht. Mhothaigh glúin úr de Chaitlicigh le hoideachas go raibh rúin mhaithe ag O'Neill, ach go raibh sé ró-mhalltriallach i mbun gníomh fiúntach a dhéanamh. Chreid Náisiúnaithe go raibh na polasaithe eacnamaíocha aige ag cuidiú le ceantair Phrotastúnacha a dhéanamh níos rathúla agus ag déanamh neamhshuim de cheantair Chaitliceacha.

*© Northern Ireland and Its Neighbours since 1920 by Sandra Gillespie and Jerry Jones. (ISBN: 9780340620342)Published by Hodder & Stoughton, 1995.*

(ii) **Déan staidéar ar Fhoinse B**
**Foinse B** agus **do chuid eolais féin** in úsáid agat, mínigh cad chuige a raibh roinnt daoine i dTuaisceart Éireann i gcoinne O'Neill agus a chuid polasaithe sna 1960í. [9]

www.xtrapapers.com

**Foinse C: Staraí nua-aimseartha ag scríobh faoi na Stailceanna Ocrais, 1980 agus 1981.**

| |
|---|
| D'éirigh leis na Stailceanna Ocrais ó thaobh náisiúnaithe de, ach teip a bhí iontu do rialtas na Breataine. Ba thubaiste í láimhseáil na Breataine de chás iomlán na H-bhloc agus am deacair a bhí ann go polaitiúil don rialtas. Rinne na Stailceanna Ocrais agus freagairt rialtas na Breataine orthu, níos mó le tuairim na náisiúnaithe a aontú ná aon eachtra ar bith eile ó bhí Domhnach na Fola ann in 1972. |

*© History for CCEA GCSE Second Edition by Finbar Madden. (ISBN: 9780340984109) Published by Hodder Education, 2009.*

**(iii) Déan staidéar ar Fhoinse C**
Maíonn **Foinse C** gur "éirigh leis na Stailceanna Ocrais", 1980 agus 1981, "ó thaobh náisiúnaithe de, ach teip a bhí iontu do rialtas na Breataine".

Cé chomh mór agus a d'aontófá leis an tuairim gur éirigh leis na Stailceanna Ocrais ó thaobh náisiúnaithe de agus gur teip a bhí iontu do rialtas na Breataine? Bain úsáid as **Foinse C** agus as **do chuid eolais féin** le do fhreagra a mhíniú. [12]

**(b)** Cad iad na dóigheanna ar fhreagair rialtas Thuaisceart Éireann agus an pobal aontachtach do ghluaiseacht na gceart sibhialta idir Lúnasa 1968 agus Eanáir 1969? [6]

**(c)**

| |
|---|
| Sa cheist seo tá **5 mharc breise** ar fáil as litriú, poncaíocht agus gramadach a úsáid go cruinn. |

"Níor mhaith le muintir Thuaisceart Éireann go n-oibreodh cumhachtroinnt in 1973 agus 1974". An aontaíonn tú? Mínigh do fhreagra. [17]

agus [LPaG 5]

## SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

www.xtrapapers.com

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.